An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

# Tá an Samhradh Linn!

Tá an samhradh anseo faoi dheireadh agus cé go bhféadfaí athrú teacht ar ár bpleananna don Samhradh tá an oiread sin deiseanna ann fós dúinn taitneamh a bhaint as an am seo. Mar a dúirt ár dTaoiseach an tseachtain seo caite "Níl an samhradh caillte fós".

- **Scileanna Oll-Luaile & Comhordú Lámh is Súl:** Leis an aimsir mhaith tugtar neart deiseanna agus eispéiris lasmuigh chun páirt a ghlacadh i gcluichí, spóirt agus aclaíocht choirp idir an trampailín agus leadóg, cleas na bacóide agus rásaí srl. De ghnáth ag an am seo den bhliain bheimis ag glacadh páirte sa Lá Spóirt. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina ghníomhaíocht deas le déanamh mar theaghlach, do Lá Spóirt féin a chruthú sa bhaile!
- **Litearthacht:** Anois agus a bhaintear roinnt srianta agus gur féidir linn taisteal beagán níos faide, sna seachtainí beaga amach romhainn d'fhéadfadh go mbeadh taithí againn ar rudaí nua cosúil le cuairt a thabhairt ar pháirc nua, clós súgartha, trá, picnic a bheith againn. D'fhéadfaimis iontráil dialainne a choinneáil ar na rudaí nua atá á ndéanamh againn, d'fhéadfadh sé seo a bheith ina dhialann amhairc de ghrianghraif a thógamar ar ár dturais lae nó b'fhéidir go scríobhfaimis faoi na heispéiris seo.
- **Tóraíochtaí Taisce:** Ligimis dár n-intinn agus dár gcorp a bheith ag obair le chéile agus spraoi a bheith againn sa phróiseas!
- **Céadfach:** D'fhéadfá Stáisiúin Céadfacha Samhraidh a chruthú sa ghairdín cúil. Toisc go bhfuilimid amuigh faoin aer i bhfad níos mó d'fhéadfá stáisiúin a bhunú mar Chistin Láibe, Stáisiún Uisce, Tábla Gainimh, Gníomhaíochtaí Péinteála Céadfacha, Gníomhaíochtaí Oighir Céadfacha

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education



| | |
|---|---|
| **Oll-Luaile** | https://www.thechaosandtheclutter.com/archives/5-trampoline-games<br>https://www.thechaosandtheclutter.com/archives/backyard-olympics |
| **Litearthacht** | https://www.readingrockets.org/article/summer-literacy-challenge<br>https://www.twinkl.ie/resource/t-t-13239-ks1-summer-holiday-homework-pack<br>https://www.tes.com/teaching-resource/recount-writing-frame-6121793 |
| **Tóraíochtaí Taisce** | https://www.pinterest.com/pin/150448443776714033/<br>https://www.theresourcefulmama.com/summer-scavenger-hunts-free-printables/<br>https://www.notimeforflashcards.com/2014/01/indoor-scavenger-hunts-for-kids.html |
| **Céadfach** | https://meaningfulmama.com/day-278-making-mud-pies.html<br>https://www.thechaosandtheclutter.com/archives/shaving-cream-polka-dot-sidewalk-painting |

ncse

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

